


## Mí na Meala: Réamhobair

**A Meaitseáil an seanfhocal leis an sainmhíniú thíos – cuir an litir chúí sa bhosca ar chlé.**

- Ná cuir do leas ar cairde.
- Aithnítear cara i gcruatan.
- Is fearr cara sa chúirt ná punt sa sparán.
- Ní heaspa go díth carad.
- Is maith an scáthán súil charad.
- Giorraíonn beirt bóthar.
- Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

- A. *Is féidir leat brath ar chara maith.*
- B. *Níl rud ar bith chomh dona le heaspa cairdis.*
- C. *Ní bhraitheann turas rófhada nuair atá comhlúadar agat.*
- D. *Ná braith ar do chuid cairde - tá seans ann nach dtaitneodh sin leo.*
- E. *Inseoidh do chara rudaí duit nach n-inseodh aon duine eile.*
- F. *Is mó an tábhacht atá le cara ná le hairgead.*
- G. *Ní féidir maireachtáil gan daoine eile; bíonn gach duine ag brath ar dhaoine eile.*

**B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis**

sóisialta		Positive traits
réitíonn mé go maith		easy-going
cara		sociable
flaithiúil		patient
easaontas		kind
réchúiseach		I get along well
tréithe dearfacha		generous
go leor ama		disagreement
foighneach		friend
cineálta		a lot of time

**C Líon na bearnaí**

- Mar a deir an seanfhocal, 'is fearr \_\_\_\_\_ sa chúirt ná punt sa sparán'.
- Tá go leor \_\_\_\_\_ ag mo phríomhchara: cineáltas, foighne agus cairdiúlacht ina measc.
- Réitíonn mé go maith le daoine go hiondúil ach ní déarfainn gur duine \_\_\_\_\_ mé i ndáiríre.
- Is duine sóisialta é mo dheartháir agus is breá leis dul amach agus bualadh le daoine nua.
- Ní bhíonn \_\_\_\_\_ idir mise agus mo phríomhchara de ghnáth ach nuair a

bhíonn, is faoi rudaí beaga a bhíonn sé.

6. Táimse sách \_\_\_\_\_ – ní chuireann rudaí as dom i ndáiríre.
7. Is duine \_\_\_\_\_ í mo mháthair – caitheann sí go leor ama ag cabhrú le daoine eile.
8. Bíonn m'athair \_\_\_\_\_ leis an airgead póca agus tugann sé airgead breise dom freisin nuair a bhíonn rud mór le híoc agam.
9. Caithim \_\_\_\_\_ i gcomhlúadar mo phríomhcharad mar tá muid inár gcónaí in aice lena chéile.
10. Níl mise \_\_\_\_\_ ar chor ar bith agus cuireann sé saidhleam dearg orm má bhíonn orm fanacht ar dhuine.



## Mí na Meala: Mír a hAon

### A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

#### 1. Cé as do Cholm í mBaile Átha Cliath?

- Baile na nGabhar
- Baile na Lobhar
- Baile an Teampaill

#### 2. Cé mhéad deirfiúr agus deartháir a bhí ag Nóirín?

- deirfiúr amháin agus deartháir amháin
- beirt deirfiúracha agus deartháir amháin
- deirfiúr amháin agus beirt deartháireacha

#### 3. Cén fáth a raibh saol iontach ag Colm san áit a raibh sé ina chónaí?

- mar bhí cónaí air in aice leis an bhfarraige
- mar bhí cónaí air in aice le cairde agus gaolta
- mar bhí cónaí air idir an chathair agus an tuath

#### 4. Céard nach ndúirt Nóirín maidir leis na rudaí a bhíodh ar siúl aici agus í óg?

- Ní raibh mórán le déanamh acu
- Bhí go leor sairse acu
- Bhí siad ag obair agus ag plé le féar

### B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Cé hé nó cé hí an cara is fearr atá agat?
- Cár bhuail sibh ar a chéile?
- Déan cur síos ar do phríomhchara.


**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Fíor nó bréagach: Bhí tuairimí láidre ag Nóirín maidir leis an gcineál duine a phósfadh sí.

- Fíor  
 Bréagach

2. Céard a bhí go láidir in intinn Choilm agus é ag cuimhneamh ar an gcailín a phósfadh sé?

- Go gcaithfeadh sí a bheith dathúil  
 Go gcaithfeadh Gaeilge a bheith aici  
 Go gcaithfeadh sí a bheith ina cónaí i mBaile Átha Cliath

3. Cén fáth nach bhfuil Colm rómánsúil, dar leis féin?

- Mar go gceapann sé go bhfuil rudaí mar sin seafóideach  
 Mar gurb í Nóirín a chuireann tús le rudaí  
 Mar go gcuireann sé náire air.

**B** Ag caint faoi dhaoine eile: Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- A. An éiríonn do phríomhchara cantalach má bhíonn air nó uirthi fanacht ort?  
 B. An mbíonn do phríomhchara i ndea-ghíúmar an chuid is mó den am?  
 C. An bhfuil do phríomhchara ag iarraidh rudaí móra a dhéanamh sa saol?  
 D. An dtugann do phríomhchara bronntanais nó airgead do charthanachtaí?  
 E. An maith leat do phríomhchara am a chaitheamh i gcomhlúadar daoine eile?  
 F. An gcaitheann do phríomhchara go leor ama ag staidéar?  
 G. An bhfuil go leor cairde ag do phríomhchara?  
 H. An gcuireann fadhbanna beaga as go mór do do phríomhchara?  
 I. An mbíonn do phríomhchara sásta rudaí a dhéanamh as nó aisti féin?

**C** Meaitseáil na haidiachtaí thíos leis na tréithe a léirítear i gCuid B thuas, A – I.

- |  |  |
|--|--|
| <input type="checkbox"/> sóisialta     | <input type="checkbox"/> fiail flaitiúil |
| <input type="checkbox"/> sona          | <input type="checkbox"/> staidéarach     |
| <input type="checkbox"/> cairdiúil     | <input type="checkbox"/> foighneach      |
| <input type="checkbox"/> uaillmhianach | <input type="checkbox"/> réchúiseach     |
| <input type="checkbox"/> neamhspleách  | <input type="checkbox"/>                 |

**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Céard é an rud is mó a chuireann as do Nóirín faoi Cholm?**

- Nach bhfreagraíonn sé téacsanna ná glaonna
- Go bhfágann sé jabanna beaga gan a bheith déanta
- Go gcaitheann sé toitíní

**2. Cé acu de na samplaí thíos nach luann Nóirín i measc na rudaí a chuireann as di faoi Cholm?**

- Fágann sé soithigh na maidine salach go tráthnóna
- Fágann sé na páistí ag breathnú ar an teilifís nuair a bhíonn sé ag imirt gailf
- Fágann sé an t-im amuigh agus crúscaí gan clúdach

**3. Céard é an rud amháin a chuireann as do Cholm faoi Nóirín?**

- Go n-éiríonn sé an-mhoch ar maidin
- Go gcaitheann sí toitíní
- Go gcuireann sé go leor béime ar na rudaí beaga

**B** Ag argóint agus ag réiteach le chéile.

- An réitíonn tú go maith le do phríomhchara an t-am ar fad?
- Céard iad na rudaí a mbíonn tú ag argóint fúthu le do phríomhchara?
- Céard iad na tréithe is mó a thaithníonn leat faoi do phríomhchara?

Nótaí